



ACMHAINN 10

Ag maireachtáil faoi chóras ollsmachtachais

‘Do Ghearmánaigh óga, bhí na tríochaidí go hiontach. Na bratacha dearga le svaisticí orthu, an Seipilín a chuir Hitler á sheoladh ar fud na Gearmáine; bhí na hOstaraigh ag iarraidh a bheith mar chuid de — dúinne, bhí sé cosúil le solas na gréine, an tsíocháin agus greim a bheith ar an mbord arís againn. Bhí cúrsaí ag dul chun cinn!’

Foinse: Frederic C. Tubach, Growing up in Nazi Germany

‘... D’fhormhór na ndaoine, níor athraíodh a saol ó lá go lá i ndairíre. Bhí roinnt srianta ann [...] mar a chéile, a bheag nó a mhór, leis na cinn a chuir na rialtais den eite dheis a bhí ann roimhe sin i bhfeidhm agus ghlac na saoránaigh go héasca leo. Ba é an cleas a bhí ann ná nach ndearna na srianta sin difear don tromlach pé scéal é [...] D’éirigh leis na coirnél na feirmeoirí a mhealladh chun glacadh leis trína gcuid fiach a ghlanadh...’

Foinse: Saoránach Gréagach

‘Bhí cuma ar an scéal nár tháinig aon athrú ar an asal, Sean-Benjamin, ó tharla an t-éirí amach. Rinne sé a chuid oibre ar an gcaoi mhall cheandána chéanna agus a rinne sé i ré Jones; ní dhearna sé faillí ina dhualgais ná níor thoiligh sé obair sa bhreis a dhéanamh ach oiread. Ní déarfadh sé focal ar bith i dtaca leis an éirí amach ná i dtaca leis na cúrsaí ina dhiaidh sin. Nuair a chuir an cheist air an raibh sé níos sásta anois toisc gur cuireadh deireadh le ré Jones, ní déarfadh sé ach: “Tá saol fada ag asail. Ní fhaca éinne agaibh asal marbh riamh”, agus bhí ar an gcuid eile a bheith sásta leis an bhfreagra dúrúnda seo.’

Foinse: Animal Farm le George Orwell

‘... Fuaireamar ticéid le haghaidh bia agus uaireanta le haghaidh éadaí. Thugtaí na ticéid seo do dhea-fhostaithe agus do dhaoine eile chomh maith. Ós rud é gur dtugtaí na sochair seo dóibh, áfach, ní raibh cead ag na fostaithe dul ar stailc. Fad a bhí an tAontas Sóivéadach i cumhacht, ní dheachaigh fostaithe ar stailc toisc nach raibh aon chúis acu leis. Bhí gach duine fostaithe agus bhí buntáistí ag baint leis sin chomh maith.’

Foinse: Gendrik Vartanyan